



'Gaeilge na hArdteiste', Clár 6

RTÉ Raidió na Gaeltachta, 6 Márta 2015

Ceisteanna Samplacha

le Séamas Ó Máirtín, comhairleoir oideachais an chláir. Is féidir éisteacht leis na píosaí seo á léamh i gClár 6 den tsraith.

Dán: An tEarrach Thiar

“Cuireann an úsáid a bhaineann an file as dathanna agus as fuaimeanna go mór leis an dán seo.” Déan an ráiteas seo a phlé.

Aontaím go mór leis an ráiteas seo. Caithimis súil ar dtús ar an gcéad véarsa. Cruthaíonn fuaim bhinn ghlantachán na lát “sa gciúineas shéimh” atmaisféar suaimhneach síochánta atá go mór i gcodarsnacht le hatmaisféar callánach na cathrach. Ná déanaimis dearmad go raibh Máirtín Ó Direáin ina chónaí faoin am seo i gcathair Bhaile Átha Cliath. Is féidir linn freisin dath dubh na créafóige a shamhlú mar bhí an t-oileánach seo ag obair sa ngarraí.

Sa dara véarsa, feicimid doinne na cléibhe, deirge na feamainne agus báine na trá agus arís is féidir linn atmaisféar an chiúnais is an tsuaimhnis a shamhlú.

Féachaimis anois ar an tríú véarsa. Is féidir linn dathanna difriúla sciortaí na mban a fheiceáil agus iad ag piocadh faochan “in íochtar diaidh-thrá”. Luann an file na locháin uisce agus na scáilí a bhí le feiceáil iontu. Is féidir linn freisin atmaisféar síochánta an radhairc seo a shamhlú agus cheap an file féin gur radharc síochánta codlatach a bhí ann mar is léir ón líne: “Támh-radharc síothach”.

Breathnaímis anois ar an véarsa deiridh. Is véarsa filíochta den scoth é i mo thuairimse. Cloisimid macalla maidí ráimha na curraí agus iascairí an oileáin “ag teacht chun cladaigh”. Feicimid dathanna éagsúla na n-iasc le súil ár samhlaíochta. Is aoibhinn liom an líne: “Ar ór-mhuir mhall i ndeireadh lae” mar is féidir linn dul faoi na gréine a shamhlú agus dath órga ar dhromchla na farrage. Is féidir liom freisin geansaithe bána na n-iascairí a shamhlú. Geansaithe traidisiúnta an oileáin- geansaithe Árann. Wow! Ní raibh ceamara digiteach ag an bhfile ach cuireann sé ceithre ghrianghraf álainn os ár gcomhair sa dán cumasach seo.

Cén léargas a thugann an dán seo ar mheon an fhile i leith a oileáin dhúchais féin, i do thuairimse?

Sílím féin gur dán molta é seo ar áilleacht an tsaoil ar Inis Mór, Árainn. Is léir go raibh Máirtín Ó Direáin bródúil as a oileán dúchais agus tá a ghrá don oileán le brath ar línte an dáin ó thús deireadh. Cuireann sé slite beatha na n-oileánach os ár gcomhair ar bhealach an-ealaíonta. Cruthaíonn sé ceithre phictiúr nó ceithre ghrianghraf trí úsáid a bhaint as fuaimeanna agus dathanna. Is iad na fuaimeanna agus na dathanna seo a chruthaíonn na híomhánna éagsúla a chuireann sé inár láthair. Tugann an cur síos iontach seo ar shaol an oileáin an-léargas dúinn ar mheon an fhile i leith a oileáin dhúchais féin. Is léir go raibh sé i dtiúin le nádúr an oileáin: na fuaimeanna, na dathanna, na radhairc. Thuig sé freisin an nasc láidir a bhí idir timpeallacht nádúrtha an oileáin agus saol mhuintir an oileáin. Ní raibh an Díreánach dall ar áilleacht an ghaoil seo. Measaim féin gur thuig sé áilleacht agus draíocht an oileáin nuair a chuaigh sé chun cónaithe i gcathair Bhaile Átha Cliath. D’airigh sé uaidh ciúnas agus suaimhneas shaol an oileáin i gcodarsnacht le gleo agus dithneas shaol na cathrach. Sea, tá meas an fhile ar a mhuintir féin agus a fhód dúchais féin le feiceáil go soiléir sa dán álainn seo. Ní dóigh liomsa gur dán maoithneach é. Bhí mé féin ar an oileán agus tá atmaisféar an chiúnais is an tsuaimhnis le fáil fós ar Inis Mór.

Prós: Dís

“Is i bhfoirm chomhrá a chuirtear an gearrscéal, Dís inár láthair agus is seift scríbhneoireachta éifeachtach í”. Déan an ráiteas seo a chíoradh.

Aontaímse leis an ráiteas seo. Éiríonn leis an údar an gaol idir dís a chur in iúl trí úsáid a bhaint as meán an chomhrá. Nochtar mothúcháin agus tuairimí na díse go soiléir. Braithimid an teannas atá idir an bheirt. Ní comhrá áiféiseach é. Is comhrá inchreidte é a léiríonn na deacrachtaí cumarsáide a bhíonn ag lanúineacha óga go minic. Taitníonn an teideal, Dís go mór liom mar sílim go bhfuil an t-údar, Siobhán Ní Shúilleabháin ag tagairt do lánúin óg ar bith in aon tír ar domhan. Pléann sí ceist uilíoch: an teannas, na coimhlintí, an easpa tuisceana, an easpa measa, an easpa aitheantais a bhíonn ina gcnámh spairne idir lánúin óg atá ag iarraidh maireachtáil le chéile.

Tá tús an ghearrscéil an-éifeachtach. Feiceann muid Seán sáite sa nuachtán agus gan aon aird aige ar a bhean chéile. “Cuir síos an páipéar agus bí ag caint liom”, a dúirt sí leis. Léirítear dearcadh Sheáin i leith na mban nuair a dúirt sé: “Á anois muna bhféadfaidh fear suí cois tine agus páipéar a léamh tar éis lá oibre”. Nuair a dúirt sise ansin: “Bhíos-sa ag obair ar feadh an lae, sa tigh”, ní raibh le rá aige ach “Hu?” Nochtar uaigneas agus frustrachas na mná tí nuair a dúirt sí: “Sin é é. Is tábhachtaí an rud atá le léamh sa pháipéar ná an rud atá le rá agamsa”. Tugann muid faoi deara gur chuir Seán an-spéis i gcaint a mhná céile nuair a dúirt sí go raibh obair shealadach faighte aici. “Agus cad mar gheall ar do leanbh?” an cheist a chuir sé. Nach maith nach ndúirt sé “ár leanbh”?

Tá úsáid na cainte dírí thar a bheith éifeachtach mar cuireann muid an-aithne ar an mbeirt. Osclaíonn an gearrscéal leis an bhfocal “Sheáin?” Aisteach go leor, ní heol dúinn ainm na mná tí mar ní luann Seán a hainm ó thús deireadh an ghearrscéil. Is sampla maith é seo den easpa measa a bhí ag Seán uirthi nó b’fhéidir na scileanna sóisialta a bhí in easnamh air. Dála an scéil, ní luaitear ainm an linbh a bhí ina chodladh sa phram. Díríonn an t-údar a haird iomlán ar an dís.

Tá an comhrá i dtaobh an tsuirbhé an-bharrúil. Admhaíonn bean Sheáin nár inis sí an fhírinne nuair a d’fhreagair sí ceisteanna an tsuirbhé. Dúirt sí go raibh drochghíúmar uirthi an mhaidin áirithe sin mar go ndearna Seán rud éigin as bealach a chuir “an gomh” uirthi. Foilsíodh toradh an tsuirbhé sa nuachtán: “Féach ansan. Toradh suirbhé a deineadh. Deirtear ann go bhfuil an ceathrú cuid de

mhná pósta na tíre míshona, míshásta. Táimse ansan, ina measc,” a dúirt sí le Seán.

Cé go bhfuil an comhrá an-ghreannmhar, éiríonn leis an údar fearg is frustrachas na mná tí a léiriú. “Cé thugann fé ndeara go bhfuil an t-urlár glan? Ach má bhíonn sé salach, sin rud eile,” a dúirt sí agus í ag freagairt ceisteanna an tsuirbhé. Tá fonn réabhlóide uirthi, mar ba mhaith léi an leabhar dearg a léamh, leabhar Mao Tsi Tung. Seo mar a labhair sí: “Dheas liom é léamh. Dheas liom rud éigin a bheith le léamh agam nuair ná geibhim an páipéar le léamh, agus nuair ná fuil éinne agam a labhródh liom”.

Sea, is seift dhrámatúil den scoth í go gcuirtear an gearrscéal i láthair i bhfoirm chomhrá. Cuireann sé go mór le hinchreidteacht na gcarachtar. Scaoiltear isteach sinn i saol príobháideach na díse agus tugtar an-léargas dúinn ar na deacrachtaí a bhíonn le sárú ag lánúineacha óga ach go háirithe.

“Níor tháinig aon athrú chun feabhais ar shaol na díse de bharr an chomhrá.” Do thuairim uait i dtaobh an ráitis seo.

Caithfidh mé a rá go n-aontaím leis an ráiteas seo. Tá cúig abairt ag tús an ghearrscéil a thugann pictiúr an-soiléir dúinn de shaol na díse:

Lánúin cois tine tráthnóna.
Leanbh ina chodladh sa phram.
Stéig feola ag díreo sa chistin.
Carr ag díluacháil sa gharáiste.
Méadar leictreach ag cuntas chuige a chuid aonad...

Samhlaímse leanúnachas na beatha leis na línte seo. Is radharc simplí réadúil é den ghnáthshaol a chaitheann lánúineacha óga ar fud na cruinne. An é go bhfuil an t-údar ag rá go bhfuil rudaí áirithe faoin saol seo nach n-athraíonn ó ghlúin go glúin? Deirim é seo mar críochnaíonn an gearrscéal mórán ar an nóta céanna.

Pé scéal é, féachaimis ar dtús ar an gcomhrá a bhí idir an bheirt, Seán agus a bhean chéile. Tuigeann muid ón tús nach bhfuil caidreamh maith idir an bheirt. Iarrann bean Sheáin air an páipéar a chur síos agus a bheith ag caint léi. Bíonn uirthi a mheabhúrú dó go raibh obair tí ar siúl aici ar feadh an lae. Tá sé le feiceáil go soiléir againn nach dtugann Seán mórán airde ar a bhean chéile agus is beag meas atá aige uirthi. Braithimid mífhoighid Sheáin. Ní theastaíonn uaidh aon chomhrá a dhéanamh lena bhean. Teastaíonn uaidh labhairt leis faoin mbean a tháinig chuig an teach i mí Eanáir i mbun suirbhé. Labhraíonn sé go giorraisc léi agus bíonn uirthi a rá leis a ghlór a íslíú ar eagla go ndúiseoidh sé an leanbh. Tá frustrachas agus díomá na mná tí le brath anseo: “Munar féidir le lánúin suí síos le chéile tráthnóna agus labhairt go deas ciúin sibhialta le chéile,” a dúirt sí leis.

Tugann sí le fios dó ansin go bhfuil toradh an tsuirbhé sa nuachtán. “Deirtear ann go bhfuil an ceathrú cuid de mhná pósta na tíre míshona, míshásta. Táimse ansan, ina measc,” a dúirt sí leis. Léiríonn sí a míshástacht arís nuair a deireann sí nach bhfuil uaidh ach sclábhaí tí: “Cé thugann fé ndeara go bhfuil an t-urlár glan? Ach má bhíonn sé salach, sin rud eile,” a dúirt sí leis. Baineadh geit as nuair a dúirt sí go raibh obair shealadach faighte aici. “Agus cad mar gheall ar do leanbh?” a dúirt sé léi. Tugaimid faoi dearra seobhaineachas Sheáin anseo. Ní luann sé an focal “ár” i leith an linbh.

Déanann bean Sheáin gach uile iarracht a míshástacht lena saol pósta a léiriú do Sheán ach léirítear arís is arís eile a easpa tuisceana agus a easpa measa uirthi. Ní thugann sé a hainm féin uirthi.

Sílimse go léiríonn sé seo na scileanna sóisialta atá in easnamh air. Níos measa fós, léirítear arís is arís eile nach raibh aon tionchar ag an gcomhrá ar iompar Sheáin.

Lanúin cois tine tráthnóna.
An leanbh ina chodladh sa phram.
An fear ina chodladh fén bpáipéar.

Go bhfóire Dia orainn. Ní gá a thuilleadh a rá. Níor tháinig aon athrú chun feabhais ar shaol na díse de bharr an chomhrá.

An stéig feola ag díreo sa chistin.
An carr ag díluacháil sa gharáiste.
An bhean.
Prioc preac
liom leat.
ann as.
Tic toc an mhéadair leictrigh ag cuntas chuige na n-aonad.

Sea, níor dhíreoigh croí crua Sheáin. Bhí sé dall ar an saol luachmhar a bhí aige: bean agus leanbh óg. Lean cúrsaí ar aghaidh díreach mar a bhí ag tús an ghearrscéil: tic toc, tic toc, tic toc...